



Briseadh na Cásca/Easter Break

Dúnfaidh an scoil ag 12.00 i.n. Aoine 11 Aibreán 2014 do Shaoire na Cásca. Beidh an scoil ar oscailt arís Dé Luain, 28 Aibreán 2014. Rachaidh na Naíonáin Bheaga & Mhóra abhaile ag 11.45.

The school will close at 12.00 p.m. on Friday 11 April 2014 for the Easter Break. The school will re-open on Monday 28 April 2014. The Junior and Senior Infants will go home at 11.45.

Beidh an Scoil dúnta ar an Luan 5 Bealtaine 2014 don deireadh seachtaine fada.

The school will be closed on Monday 5 2014 for the May Bank Holiday weekend.

Beidh an Scoil dúnta ar an Luan 2 Meitheamh 2014 don deireadh seachtaine fada.

The school will be closed on Monday 2 June 2014 for the June Bank Holiday weekend.

Cúis bróin

Is cúis mhór bróin do phobal na scoile a fhógairt go bhfuair Andy (Athair Jenna Ní Chainin, R.5) bás le déanaí. Tá Eleanor agus Jenna inár smaointe agus paidreacha ag an am brónach seo.

It is with great sadness that we inform you that Andy (Jenna's father R.5) has passed away recently. Our thoughts and prayers are with Eleanor and Jenna at this sad time.

Comhghairdeachas

Déanfaimid comhghairdeachas ó chroí le Múinteoir Patricia as a post nua mar phríomhoide i scoil i dTír Chonail.

Tá súil againn go mbeidh blianta fada sona aici ina saol agus saothar. Gabhaimid an buíochas léi as an obair ar fad a rinne sí do Ghaelscoil Uí Earcáin thar na blianta a chaith sí linn.

Congratulations to Múinteoir Patricia on her new position as a Principal in a Donegal school. We wish her many happy days in her personal and professional life. We sincerely thank her for work during her years in Gaelscoil Uí Earcáin.

Seomra na dTuistí

Cuimhnigí go bhfuil Seomra na dTuistí ar fáil mar áis do thuismitheoirí. Tá fáilte roimh thuismitheoirí an seomra a úsáid ag aon am. Ní féidir cur isteach ar obair na scoile - mar sin caithfear an doras a choinneáil dúnta agus a chinntiú nach bhfuil aon torann sa phasáiste. Caithfear an seomra a fhágáil glan néata i gcónaí.

Please remember that Seomra na dTuistí is a facility provided by the school for parents and children. Parents are welcome to use the room at any time. The running of the school must not be interfered with. If you use Seomra na dTuistí please ensure the door is kept closed at all times and noise is kept to a minimum especially in the corridor. Please leave the room clean and tidy at all times.

Coicís na Gaeilge

Bhí Coicís na Gaeilge iontach againn i mbliana. Bhí am iontach againn ag déanamh spóirt, spraoi, ealaín agus céilí. Tháinig daltaí ar cuairt ó Ghaelscoil Eiscir Riada. Thóg Rang a trí cuairt ar Ghaelscoil Chaitlín Maude agus chuaigh Naíonáin Mhóra go dtí an leabharlann. Míle buíochas do na Múinteoirí as an obair go léir a rinne sibh. Ceiliúradh den scoth a bhí ann!

We had an amazing Coicís na Gaeilge this year. There were a great range of events this year ranging from a Céilí to special art classes. Children from Gaelscoil Eiscir Riada came to visit our school. Third class visited Gaelscoil Chaitlín Maude and Naíonáin Mhóra went to Finglas Library. Well done Múinteoirí on all your hard work.

An Chéad Fhaoistin/ First Confession

Comhghairdeas mór le daltaí rang a dó a rinne a gCéad Fhaoistin i séipéal an pharóiste ar an Déardaoin, 11 Márta 2014. Gabhaimid ár mbuíochas le Múinteoir Niamh agus Múinteoir Eoin as an obair ar fad a rinne siad leis na ranganna mar réamhullmhúchán don ócáid agus do na páistí iad féin as an obair ealaíne a bhí mar mhaisiúcháin sa tseipéal. Gabhaimid focal buíochais speisialta leis an Athair Ó Cochláin as an sacraimint seo a cheiliúradh linn. Tá muid ag súil go mór leis an gCéad Chomaoineach ar 11 Bealtaine 2014.

Congratulations to all the pupils in second class who made their First Confession in the parish church on 11 March 2014. A big thank you to Múinteoir Niamh and Múinteoir Eoin for all their work preparing for this occasion and to the class themselves for their artwork which decorated the church. Finally, a special word of thanks to An tAthair Ó Cochláin for celebrating this sacrament with us. We are all looking forward to the First Communion on 11 May 2014

Airgead le n-íoc/ Monies owed:

Tá billí scoile curtha abhaile. Meabhraítear daoibh táillí don bhliain a íoc chomh luath agus is féidir, le bhur dtoil. *Letters and e-mails were sent home detailing outstanding monies. Can all outstanding bills for the current school year be paid as soon as possible, please?*

Turasanna scoile/School tours

| Rang | Dáta/Date | Áit/Place | Cé Mhéad? |
|-----------------|---|------------------|------------------|
| Naíonáin Bheaga | 12 Meitheamh 2014 <i>12 June 2014</i> | An Zú | €15 |
| Naíonáin Mhóra | 11 Meitheamh 2014 <i>11 June 2014</i> | An Zú | €15 |
| Rang 1 | 10 Meitheamh 2014 <i>10 June 2014</i> | Imaginosity | €15 |
| Rang 2 | 18 Meitheamh <i>18 June</i> | DCU | €25 |
| Rang 3 & Rang 4 | 3 Meitheamh <i>3 June</i> | Viking Splash | €16 |
| Rang 5 & Rang 6 | 26- 28 Bealtaine 2014 <i>26 -28 May 2014</i> | Coláiste Acla | €125 |

Meabhrú - Cnónna sa Scoil.

Ní cheadaítear aon chnónna a thógáil ar scoil ag am ar bith nó aon táirgí le cnónna iontu a thógáil ar scoil. Tá ailéirge an-dáinséireach ag roinnt páistí sa scoil le cnónna.

A reminder that children are not permitted to bring nuts or any nut products to school as a number of children have a life-threatening allergy to these products.

Níl cead paicéid brioscaí cosúil le Belvita srl a sheoladh ar scoil muna bhfuil sonraí ar an bpaicéad a léiríonn nach bhfuil aon chnónna ann. Tá líon mór paistí le ailéirgí sa scoil faoi láthair.

Packets of biscuits such as Belvita are strictly forbidden in school. We have several children with nut allergies and we ask you once again to please ensure no foods with traces of nuts are in childrens' lunch boxes.

Aonach Leabhair/Book Fair

D'eirigh go hiontach leis an aonach leabhair. Fuaireamar luach €221.08 de leabhair don leabharlann. Míle buíochas do na tuismitheoirí a chabhraigh linn agus díobh go léir as ucht na tacaíochta.

The Book Fair was a great success. We received books for the library from Scholastic to the value of €221.08. Many thanks to the parents who helped us out, and to you all for your support.

Cóisir don Chéad Chomaoineach/First Communion Party

Mar is eol daoibh beidh an Chéad Chomaoineach linn go luath. Le ceithre bliana anuas bhí cóisir againn do na páistí agus a gclann sa halla atá in íoslach an tseipéil (Séipéal Muire Mháthair na n-Aithrí). Tugann an cóisir seo deis do na páistí am a chaitheamh lena gcáirde scoile ar an lá speisialta seo tar éis an obair go léir atá curtha isteach acu i rith na bliana. Tugann sé deis do na tuismitheoirí cupán tae a ól lena chéile chomh maith, rud atá tuillte go maith acu. Bhí rath mór ar an ócáid seo le cúpla bliain anuas agus tá muid ag lorg tuismitheoirí na ndaltaí ó rang 1 agus rang 3 atá sásta cabhair a thabhairt le gach rud a eagrú. Má tá tú sásta cabhrú téigh i dteagmháil le Denise Jackson (Mam Ciara agus Daithí Mac Siacais) ar maidin nó um thráthnóna sna laethanta idir seo agus an Chéad Chomaoineach.

As you are no doubt already aware the First Communion is fast approaching. In the past five years a reception has been held for the children and their families in the basement room underneath the church (Our Lady of Dolours). This gives the children an opportunity to spend a little time with their school friends on their very special day, which they have been preparing for throughout the year. It also gives the parents and families a chance for a well deserved cup of tea. This has proved to be an enormous success and we're once again looking for parents of children from Rang 1 and Rang 3 who can very kindly offer to host the reception this year. We cannot do it without your help. If you're willing to lend a hand please talk to Denise Jackson (Ciara and Daithí Mac Siacais' Mam) in the mornings or any afternoon between now and the day of the communion.

Pairceáil taobh amuigh den gheata/Parking outside the gate

Bainfear leas as an spás ar thaobh na láimhe clé taobh amuigh den ngeata agus tú ar do bhealach isteach sa scoil, 'sé sin an stráice clúdaithe le tarmac, mar spás do dhaltaí atá ag fanacht ar oscailt na ngeataí scoile. Tá cosc iomlán ar pháirceáil ar an stráice seo. Iarrtar ar na tuismitheoirí i gcarranna a bheith ag faire amach do na coisithe lasmuigh de gheataí na scoile.

*The area to the left of the school gate as you approach the school, i.e. the strip of tarmac, is reserved as a congregation for pupils who are awaiting the opening of the gates. **Parking is not permitted in this area. We would also ask for parents not to park directly in front of the gate as it blocks the entrance in the event of an emergency.** Parents in cars are also asked to be more aware of pedestrians outside the school gates.*